C/2026/4212

27.7.2026

Fógra le haghaidh 'Kulevi Oil Refinery' maidir lena áireamh i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

(C/2026/4212)

Chuir an Chomhairle an t-eintiteas thuasluaite san áireamh in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1849 ón gComhairle ([2]) agus in Iarscríbhinn XLVII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle ([3]), arna leasú le Rialachán (AE) 2026/1848 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, d'fhonn na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1af(2a) de Chinneadh 2014/512/CBES agus in Airteagal 5ae(2a) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a chur i bhfeidhm maidir leis amhail ón 25 Eanáir 2027.

Leis seo, cuirtear in iúl don eintiteas thuasluaite go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a bhaineann le háireamh mar sin a fháil chuig an seoladh seo a leanas, roimh 31 Iúil 2026:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 229, 31.7.2014, lch. 13.
([2]) IO L, 2026/1849, 23.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1849/oj.
([3]) IO L 229, 31.7.2014, lch. 1.
([4]) IO L, 2026/1848, 23.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1848/oj.